Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Meán Fómhair 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0262(COD)**

**11188/20**
**ADD 3**

**SOC 563**
**EMPL 410**
**SAN 326**
**IA 66**
**CODEC 883**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2020) 184 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2020) 184 final.

---

Faoi iamh: SWD(2020) 184 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.9.2020
SWD(2020) 184 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó- ghineacha ag an obair.**

{COM(2020) 571 final} - {SEC(2020) 302 final} - {SWD(2020) 183 final}

GA GA

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar Thogra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le cosaint oibrithe ar an riosca a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair. |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Is riosca suntasach do shláinte oibrithe é an nochtadh oibrithe do charcanaiginí agus só-ghineacha. De réir EU-OSHA[1], tá an ailse ina cúis le 52 % de bhásanna ceirde bliantúla san Aontas Eorpach. Ar an gcúis sin, leanann an Coimisiún dá phróiseas féin de bheith ag tabhairt na Treorach ar Charcanaiginí agus ar Shó-ghineacha (CMD)[2] cothrom le dáta tríd an mbaisc seo, an ceathrú baisc de Theorainnluachanna um Nochtadh Ceirde (OELanna) breise a bheartú. Tá sé sin i gcomhréir le CMD, lena gceanglaítear nach mór OELanna a shocrú le haghaidh gach ceann de na carcanaiginí agus só-ghinigeacha sin ar féidir sin a dhéanamh ina leith i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil.<br><br>Faoi láthair bíonn níos mó ná aon mhilliún oibrithe den Aontas nochta do thrí shubstaint a dtugtar aghaidh orthu sa tionscnamh seo, eadhon aicrilinítríl, comhdhúile nicile agus beinséin. I gcás nach ndéanfaí aon ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, bheadh an nochtadh ceirde do na trí shubstaint sin ina gcúis le beagnach 2000 cás ailse agus galair eile a bhaineann leis an obair ann thar an 60 bliain atá le teacht. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is é is príomhchuspóir an tionscnaimh seo ceart oibrithe chun ardleibhéal cosanta sláinte agus sábháilteachta ag an obair a dhaingniú a thuilleadh agus bás de thoradh ailse a bhaineann leis an obair agus fadhbanna eile sláinte a bhfuil na trí shubstaint sin ina gcúis leo a chosc. Chun tacú leis an gcuspóir ginearálta sin, tabharfar faoi thrí chuspóir shonracha leis an tionscnamh seo:<br>• Cosaint ar nochtadh ceirde do charcanaiginí agus só-ghineacha san Aontas a fheabhsú a thuilleadh;<br>• Éifeachtacht chreat dlíthiúil an Aontais a mhéadú trína thabhairt cothrom le dáta ar bhonn saineolas eolaíoch;<br>• Níos mó soiléireachta a áirithiú, cur chun feidhme a éascú agus cuidiú le cothroime iomaíochta níos fearr le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha trí cheanglais íosta a ghlacadh ar leibhéal an Aontais. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Trí OELanna nua nó athbhreithnithe a bhunú in CMD, beifear in ann leibhéal íosta comhchosúil do chosaint oibrithe ar fud an Aontais a áirithiú. Go deimhin, gan OELanna ar fud an Aontais, mar atá amhlaidh i gcás comhdhúile nicile agus aicrilinítríle, níor shocraigh roinnt Ballstát aon OEL náisiúnta nó ghlac siad leibhéil an-éagsúil, rud atá ina chúis le héagothromaíocht i dtéarmaí cosaint oibrithe ar nochtadh do na substaintí sin. Maidir le beinséin, fiú más ann do OEL an Aontais, tá éagsúlacht sa chosaint oibrithe ann mar gur ghlac roinnt Ballstát OEL náisiúnta níos ísle.<br><br>Sa bhreis ar an leibhéal íosta comhchosúil sin ar fud an Aontais, leis an tionscnamh seo feabhsófar soiléireacht agus forfheidhmiú chomh maith agus cuirfear le cothroime iomaíochta níos fearr le haghaidh na ngníomhaithe eacnamaíocha in earnálacha ina n-úsáidtear na substaintí sin agus seachnófar aon dúbláil oibre trí dheireadh a chur leis an ngá do na Ballstáit a n-anailís eolaíoch féin a dhéanamh chun OELanna a bhunú. |

| **B. Réitigh** |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Caitheadh roinnt roghanna i dtraipisí mar gur measadh gur roghanna díréireacha iad nó nach raibh an éifeacht chéanna leo chun cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach. I measc na roghanna sin, is féidir toirmeasc a chur ar oibreáin cheimiceacha charcanaigineacha ag an obair, ionstraimí margadh-bhunaithe (fóirdheontais, |

[1] EU-OSHA (2017), *"An international comparison of the cost of work-related accidents and illnesses"* [comparáid idirnáisiúnta idir costas tionóiscí agus galair a bhaineann leis an obair], ar fáil ag: https://osha.europa.eu/en/publications/international-comparison-cost-work-related-accidents-and-illnesses/view

[2] Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó só-ghineacha ag an obair. Ar fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32004L0037

buntáistí cánach etc.), féinrialáil an tionscail agus treoirdhoiciméid.

Coinníodh an rogha OELanna nua nó athbhreithnithe a shocrú ar fud an Aontais in CMD mar an rogha is iomchuí. Rinneadh measúnú ar roinnt cásanna OELanna, lena n-áirítear OELanna a chomhaontaigh an Coiste Comhairleach trípháirteach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH), ina gcuirtear moltaí eolaíocha chomh maith le ceisteanna socheacnamaíocha agus indéantachta san áireamh. Ar ACSH tá ionadaithe na Rialtas, na bhFostóirí agus na nOibrithe. Sa bhreis ar OELanna a chomhaontaigh ACSH, breithníodh teorainnluachanna níos ísle agus níos airde le haghaidh gach substainte.

Bunaithe ar mheasúnú tionchair críochnúil, coinníodh na OELanna a mhol ACSH mar na roghanna tosaíochta mar gurb iadsan is fearr ó thaobh éifeachtachta, éifeachtúlachta agus comhleanúnachais de. Meastar chomh maith go bhfuil na roghanna arna gcoinneáil comhlántach le bearta Rialachán REACH atá ann faoi láthair le haghaidh gach substainte.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Faoi chuimsiú an chomhairliúcháin fhoirmiúil dhá chéime, tacaíonn na comhpháirtithe sóisialta le liosta na substaintí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu sa cheathrú leasú ar CMD.

Tacaíonn ionadaithe na Rialtas, na bhFostóirí agus na nOibrithe ACSH leis na roghanna tosaíochta uile, lena n-áirítear na hidirthréimhsí a bheartaítear chun dúshláin theicniúla agus eacnamaíocha le haghaidh fostóirí a bhaineann leis na trí shubstaint sin a mhaolú.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Is iad na príomhbhuntáistí a eascraíonn as na roghanna tosaíochta le haghaidh na dtrí shubstaint cur le cosaint níos mó ná 1 000 000 oibrí trí níos mó ná 1 700 cás galair a bhaineann leis an obair a chosc thar an 60 bliain atá le teacht, lena n-áirítear an ailse. De thoradh galair cheirde a laghdú, i measc rudaí eile, fulaingeoidh oibrithe agus a dteaghlaigh níos lú agus is amhlaidh is mó a bheidh fad, cáilíocht agus táirgiúlacht a saoil oibre.

Eascróidh buntáistí do ghnó as na roghanna tosaíochta chomh maith, trí neamhláithreachas, caillteanais táirgiúlachta agus íocaíochtaí árachais a laghdú, agus measfar go mbeidh luach €7 milliún ann dá thoradh sin thar an 60 bliain atá le teacht. Ní chomhtháthaítear roinnt buntáistí sna buntáistí a mheasfar a bheidh ann amhail soiléireacht dhlíthiúil fheabhsaithe. Bainfidh údaráis phoiblí tairbhe as na roghanna tosaíochta chomh maith mar go mbeidh costais chúraim shláinte laghdaithe ann, i measc rudaí eile, mar gheall orthu. Meastar go mbeidh luach €5 mhilliún sna buntáistí a bheidh ann le haghaidh údaráis phoiblí thar an 60 bliain atá le teacht.

Sa bhreis ar na buntáistí eacnamaíocha agus sóisialta sin, laghdófar astaíochtaí éalaitheacha nó idirleata i roinnt earnálacha de thoradh na rogha tosaíochta, rogha a mbeidh tionchar dearfach aici ar an gcomhshaol. Níor cheart aon tionchar dearfach a bheith ag na roghanna tosaíochta le haghaidh aicrilinítríle agus comhdhúile nicile ar an gcomhshaol nó ba ceart go mbeadh an tionchar an-teoranta.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Beidh ar chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh chun na roghanna tosaíochta a chomhlíonadh chomh maith le hacmhainní breise a chaitheamh chun faireachán a dhéanamh ar an nochtadh, rud a mbeidh costais oibriúcháin i gceist leis. Meastar go bhféadfadh an caiteachas sin a bheith chomh hard le €14 bhilliún thar an 60 bliain atá le teacht. Mar sin féin, ba cheart na costais sin a bheith inbhuanaithe le haghaidh an chuid is mó de ghnólachtaí i gcomparáid lena láimhdeachas. De bhreis air sin, áirítear bearta idirthréimhseacha sa phacáiste roghanna tosaíochta bearta chun na dúshláin le haghaidh fostóirí a mhaolú ach, chomh maith leis sin, chun caillteanais post a sheachaint.

Cé go bhféadfaidh cuideachtaí cinneadh a dhéanamh arduithe costais a chur ar aghaidh i roinnt cásanna an-shonrach, ní bheidh aon tionchar aige sin i dtéarmaí praghsanna do thomhaltóirí nó beidh an tionchar an-teoranta.

Beidh ar údaráis phoiblí airgead a infheistiú agus na roghanna tosaíochta á dtrasuí ina reachtaíocht féin. Meastar go mbeidh suas le costais €2.5 milliún i gceist leis an trasuí sin.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Leis an bpacáiste de roghanna tosaíochta beidh costais oibriúcháin i gceist le haghaidh cuideachtaí nach mór dóibh bearta cosanta breise a chur i bhfeidhm, gan beann ar mhéid na gcuideachtaí sin. Mar sin féin, i gcomparáid leis an láimhdeachas bliantúil, meastar go mbeidh na hinfheistíochtaí sin inbhuanaithe le haghaidh na dtrí shubstaint.

Cé gur cuideachtaí móra iad na cuideachtaí a úsáideann aicrilinítríl, FBManna atá i gcuid mhór de na tionscadail ábhartha a bhíonn ag déileáil le comhdhúile nicile agus beinséin. Le haghaidh na substaintí uile a bhreithnítear sa tionscnamh seo, is sciar beag de láimhdeachas FBManna iad na infheistíochtaí is gá thar an 60 bliain atá le teacht. Ní bheidh roinnt deacrachtaí ach ag líon an-bheag FBManna a bhfuil baint acu le húsáid comhdhúl nicile chun an rogha thosaíochta a chomhlíonadh. Ar an gcúis sin, áiríodh idirthréimhsí a bhfuil sé d'aidhm acu na dúshláin a mhaolú sa phacáiste de roghanna tosaíochta le haghaidh na substaintí uile.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

D'fhéadfadh údaráis costais riaracháin bhreise nó costais forfheidhmiúcháin bhreise a thabhú. Mar sin féin, ní mheastar go mbeidh na costais suntasach. Ba cheart go gcuirfeadh an rogha a coinníodh le caillteanas airgeadais chórais slándála sóisialta agus chúraim shláinte na mBallstát a mhaolú tríd an drochshláinte a chosc. Meastar go mbeidh na buntáistí le haghaidh údaráis phoiblí (beagnach €5 mhilliún) níos airde ná na costais (beagnach €2.5 milliún).

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Leis an bpacáiste de roghanna tosaíochta, teorannófar raon feidhme na neamhréireachtaí idir na Ballstáit, rud a chuideoidh le cothrom iomaíochta agus a fheabhsóidh feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a thuilleadh. Beidh tionchar dearfach ag na roghanna tosaíochta sin ar chearta bunúsacha chomh maith, go háirithe maidir le hAirteagal 2 (an ceart chun beatha) agus 31 (an ceart chun dálaí oibre cothroma agus córa lena n-urramaítear a shláinte nó a sláinte, a shábháilteacht nó a sábháilteacht agus a dhínit nó a dínit) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Dhéanfaí éifeachtacht athbhreithniú CMD atá beartaithe a thomhas faoi chuimsiú na meastóireachta ar Threoracha an Aontais maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde mar a fhoráiltear in Airteagal 17a de Threoir 89/391/CEE. Moltar an chéad mheastóireacht ábhartha eile a úsáid tar éis dheireadh na tréimhse trasuí.